# CÓD CAITEACHAIS PHOIBLÍ

## Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta 2021

Arna chur faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Mhaoirseachta agus

Iniúchóireachta i gcomhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí

## Deimhniúchán

Léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar Dhearbhú Cáilíochta an measúnú a rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí. Tá sé bunaithe ar an eolas airgeadais, eagraíochtúil agus feidhmíochta is fearr a bhí ar fáil sna réimsí freagrachta éagsúla.

**Brendan McGrath,**

**Príomhfheidhmeannach.**

18ú 05

**Dáta:** **Bealtaine 2022.**

**Cuid A – Réamhrá**

Tá an Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta (DC) seo curtha i gcrích ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe mar chuid dá comhlíonadh leis an gCód Caiteachais Phoiblí (an CCP).

Tá sé mar aidhm ag an nós imeachta um Dhearbhú Cáilíochta a mhéid atá Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus a gníomhaireachtaí gaolmhara ag comhlíonadh na n-oibleagáidí arna leagan amach sa Chód Caiteachais Phoiblí a thomhas. Féachann an Cód Caiteachais Phoiblí lena chinntiú go mbainfidh gach cuid den stát caiteachas éifeachtach agus luach ar airgead amach as an úsáid a bhaintear as na cistí poiblí go léir.

Tá cúig chéim sa Phróiseas um Dhearbhú Cáilíochta:

1. **Fardail de gach tionscadal / clár ag céimeanna éagsúla de Shaolré an Tionscadail a dhréachtú** (breithmheas, pleanáil/dearadh, cur chun feidhme, iar-chur chun feidhme). Is iad na trí mhír caiteachas atá á mheas, caiteachas atá á thabhú agus caiteachas a tháinig chun críche le déanaí. Áirítear san fhardal na tionscadail ar a raibh costas iomlán caipitil breis agus €0.5 milliún orthu nó a raibh costas ioncaim breis agus €0.5 milliún orthu don bhliain 2021.

2. **Faisnéis achomair a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin ar gach soláthar os cionn €10m, cibé acu nua, idir lámha nó curtha i gcrích.**

3. **Seicliostaí le comhlánú maidir le céimeanna éagsúla.** Leis na seicliostaí seo, ligtear do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus dá gníomhaireachtaí féinmheasúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an chóid, a chuirtear ar fáil sa doiciméad CPS.

4. **Seiceáil níos doimhne a dhéanamh ar líon beag tionscadal / clár roghnaithe.** Roghnaítear roinnt tionscadal agus clár ionas go ndéanfaí athbhreithniú níos déine orthu. Ar a laghad 5% den chaiteachas iomlán dearbhaithe Caipitil gach bliain, agus 1% de chaiteachas Ioncaim gach bliain, agus faightear an meán den phéire thar thréimhse 3 bliana.

5. **Tuarascáil ghearr a chur i gcrích don Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NMI),** lena n-áirítear fardal na dtionscadal go léir, foilsiú na soláthairtí os cionn €10m, na seicliostaí comhlánaithe, breithiúnas na Comhairle Cathrach ar thorthaí na ngrinnseiceálacha agus aon mholadh chun neamhdhóthanacht a aimsíodh a leigheas.

Comhlíonann an tuarascáil seo ceanglais an Phróisis um Dhearbhú Cáilíochta i gComhairle Cathrach na Gaillimhe don bhliain 2021.

## Cuid B – Anailís ar Chaiteachas

### Fardal Tionscadal / Clár

Sonraítear sa chuid seo an fardal a dhréachtaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe de réir na treorach ar an bpróiseas um Dhearbhú Cáilíochta. Liostaítear san fhardal tionscadail agus cláir uile na Comhairle Cathrach ag céimeanna éagsúla de shaolré an tionscadail, arbh fhiú níos mó ná €0.5m iad. Tá an fardal bunaithe ar Thionscadail Chaipitil (poist aonair), agus Cláir Ioncaim bunaithe ar an liostú Leibhéal Seirbhíse in Aguisín 2 den Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2021.

Tá trí chéim i gceist leis an bhfardal:

- Caiteachas atá á mheas
- Caiteachas atá á thabhú
- Caiteachas a tháinig chun críche le déanaí

Sa Tábla 1 seo a leanas , liostaítear fardal tiomsaithe na Comhairle Cathrach don bhliain 2021.

### Caiteachas atá á Mheas

Bhí an caiteachas a bhí á mheas comhdhéanta de thionscadail chaipitil a tionscnaíodh le déanaí nó ar dócha go gcuirfí tús leo an bhliain dár gcionn. I dTábla 1 liostaítear ceithre Thionscadal Caipitil a bhí á meas le linn 2021. Tá na tionscadail seo ag céim/céimeanna pleanála nó tosaithe.

Bhí tionscadal nua ioncaim amháin i dtuarascálacha caiteachais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le linn 2021. Is gnách go mbíonn Leibhéil Seirbhíse Ioncaim nua mar thoradh ar thionscnaimh náisiúnta nó réigiúnacha.

### Caiteachas atá á Thabhú

Ceanglaítear faoin gCód Caiteachais Phoiblí go bhfógrófaí na Leibhéil Seirbhíse ioncaim go léir a mbeadh caiteachas os cionn €0.5 milliún tabhaithe acu. Dá réir sin, tá 40 cláir ioncaim atá liostaithe i dTábla 1 do 2021.

Tá liosta i dTábla 1 freisin de 19 Tionscadal Caipitil leanúnach i Stiúrthóireachtaí éagsúla.

### Caiteachas a Chríochnaigh Le Déanaí

Deimhnítear i dTábla 1 gur tugadh seacht de na tionscadail / cláir chaipitil chun críche le linn 2021.

Cuireadh deireadh le dhá chlár caiteachais ioncaim in 2021. Bhain an dá cheann seo le tacaíochtaí gnó paindéime Covid-19.

**Tábla 1.** **Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

## Fardal Tionscadal agus Clár os cionn €0.5m

Seo a leanas fardal de Chaiteachas ar Thionscadail / Chláir ar luach os cionn €0.5m, arna chatagóiriú de réir Caiteachas atá á mheas, Caiteachas atá á thabhú, agus Caiteachas a Chríochnaigh Le Déanaí. Ní áirítear sa tábla Fardail ach tionscadail a bhfuil caiteachas ag teacht leis na critéir sin.

| **Caiteachas atá á Mheas - Níos mó ná €0.5m (Caipiteal agus Reatha)** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm an Tionscadail / na Scéime / an Chláir** | **Cur Síos Gairid** | **Méid an Chaiteachais Reatha sa Bhliain Tagartha** | **Méid Caiteachais Chaipitil sa Bhliain Tagartha (Neamhdheontas)** | **Méid Caiteachais Chaipitil sa Bhliain Tagartha (Deontas)** | **Amlíne Réamh-mheasta an Tionscadail / an Chláir** | **Caiteachas Saolré Réamh-mheasta** | **Nótaí Míniúcháin** |
| CALF SAORÁID RÉAMHLEASAITHE | Cóiríocht AHB | € - | € 9,000,000 | € - | Clár | € 9,000,000 | |
| CAP - DEONTAIS: DPG, HAG, CÚNAIMH SHOGHLUAISTEACHTA | Deontais Tithíochta | € - | € 700,000 | € - | Clár | € 700,000 | Cúnamh Deontais |
| ÉADÁIL TALÚN BÓTHAR SCOILE | Ceannach Talún | € - | € 70,000 | € - | Deireadh 2022 | € 3,300,000 | |
| IDIRGHABHÁLACHA UM SHÁBHÁILTEACHT DO CHOISITHE AGUS ROTHAIR | Sábháilteacht Phoiblí | € - | € 551,234 | € - | Deireadh 2026 | € 24,000,000 | NTA 100% MAOINITHE |
| D05 - BAILTE CEANN SCRÍBE FAILTE ÉIREANN | Tionscnamh Turasóireachta | € 600,000 | € - | € - | | € 600,000 | Fáilte Éireann |
| | | **€ 600,000** | **€ 10,321,234** | **€ -** | | **€ 37,600,000** | |

| Caiteachas atá á Thabhú - Níos mó ná €0.5m (Caipiteal agus Reatha) | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm an Tionscadail / na Scéime / an Chláir** | **Cur Síos Gairid** | **Méid an Chaiteachais Reatha sa Bhliain Tagartha** | **Méid Caiteachais Chaipitil sa Bhliain Tagartha (Neamhdheontas)** | **Méid Caiteachais Chaipitil sa Bhliain Tagartha (Deontas)** | **Amlíne Réamh-mheasta an Tionscadail / an Chláir** | **Caiteachas Carnach go dtí seo** | **Caiteachas Saolré Réamh-mheasta (Caipiteal amháin)** | **Nótaí Míniúcháin** |
| CALF SAORÁID RÉAMHLEASAITHE | Cóiríocht AHB | € - | € 14,065,976 | € - | Clár | € 14,065,976 | € 14,100,000 | |
| CAP - DEONTAIS: DPG, HAG, CÚNAIMH SHOGHLUAISTEACHTA | Deontais Tithíochta | € - | € 1,390,626 | € - | Clár | € 1,390,626 | € 1,400,000 | Cúnamh Deontais |
| CAS - CÓIP, 47 SRÁID FORSTER | Scéim Cúnaimh Caipitil | € - | € 365,114 | € - | Deireadh 2022 | € 2,568,951 | € 4,000,000 | Moilleanna Covid-19 |
| CAP - OIBREACHA LEASÚCHÁIN SLIABH BHAN | Scéim Oibre Leasúcháin | € - | € - | € 316,056 | Deireadh 2022 | € 733,111 | € 5,000,000 | Maoiniú Áitiúla |
| SHIP - TÓGÁIL BHÓTHAR BHAILE AN BHRIOTAIGH - 15 AONAD | Tógáil Tithíocht Shóisialta | € - | € 159,700 | € - | Deireadh 2022 | € 1,080,163 | € 5,000,000 | Moilleanna Covid-19 |
| SHIP - TAILTE AN BHAILE BHÁIN - 58 AONAD | Tógáil Tithíocht Shóisialta | € - | € 4,249,527 | € - | Deireadh 2022 | € 5,186,139 | € 13,500,000 | Moilleanna Covid-19 |
| SHIP - RADHARC NA GRÉINE - 52 AONAD | Tógáil Tithíocht Shóisialta | € - | € 1,397,495 | € - | Deireadh 2022 | € 19,094,491 | € 20,000,000 | Moilleanna Covid-19 |
| SHIP – BÓTHAR CÓSTA MHUIRLINNE - 53 AONAD | Tógáil Tithíocht Shóisialta | € - | € 589,577 | € - | Deireadh 2022 | € 1,001,845 | € 13,200,000 | Tionscadal um Fhorbairt Lándéanta |
| CAP - CLÁR UM ATHSHOLÁTHAR COIRE 2017-2022 | Oibreacha Feabhsúcháin | € - | € - | € 399,887 | Deireadh 2023 | € 1,112,523 | € 1,500,000 | Maoiniú Áitiúla |
| CAP - ATHCHÓIRIÚ CHOISITHE LÁR NA CATHRACH | Ríocht Phoiblí | € - | € - | € 1,730,662 | Deireadh 2024 | € 4,113,971 | € 19,100,000 | Maoiniú CCnG 100% |
| CAP - FEABHSÚCHÁN CHONAIR N6 | Acomhail Chomhartha | € - | € 4,352,874 | € - | Deireadh 2022 | € 19,478,525 | € 25,000,000 | Ilchéim |
| CAP - TRASCHATHAIR NA GAILLIMHE - BÓTHAR THUAMA | Conairí Bus | € - | € 657,995 | € - | Deireadh 2024 | € 1,794,783 | € 10,000,000 | Ilchéim |
| CAP - DROICHEAD DO CHOISITHE AR DHROICHEAD NA MBRADÁN | Pointe Méaraithe Tráchta | € - | € 287,936 | € - | Deireadh 2024 | € 881,987 | € 7,300,000 | NTA 100% MAOINITHE |
| CAP - TOSAÍOCHT BUS UTMC (OIRIÚNACH) | Rialú Shoilsiú Tráchta | € - | € 262,149 | € - | Deireadh 2024 | € 717,725 | € 3,500,000 | NTA 100% MAOINITHE |
| CAP - ATHSHOLÁTHAR LED SOILSIÚ POIBLÍ | Éifeachtúlacht Fuinnimh | € - | € - | € 2,307,370 | Deireadh 2022 | € 3,347,891 | € 4,100,000 | Maoiniú CCnG 100% |
| CAP - FORBAIRTÍ REILIGE NUA | Athsholáthar Reilige | € - | € - | € 525,739 | Deireadh 2023 | € 1,370,526 | € 2,000,000 | Maoiniú CCnG 100% |
| CBT - SÍNIÚ REILIGE RÁTHÚIN | Síniú Reilige | € - | € - | € 973,336 | Deireadh 2022 | € 1,319,649 | € 1,500,000 | Maoiniú CCnG 100% |
| CAP - PRÍOMHCHATHAIR CHULTÚIR NA hEORPA 2020 | Cathair an Chultúir | € - | € - | € 75,351 | Deireadh 2023 | € 4,205,912 | € 6,000,000 | Moilleanna Covid-19 |
| CAP - FORBAIRT MHÚSAEM AN ATLANTAIGH | Forbairt Chultúrtha | € - | € 247,302 | € - | Deireadh 2023 | € 1,252,264 | € 10,500,000 | Fáilte Éireann |
| A01 Cothabháil Aonaid Tithíochta an ÚA | Aguisín 2 | € 7,368,281 | € - | € - | Buiséad | € 7,368,281 | € - | |
| A01 - Tithe Sóisialta a Iarfheistiú | Aguisín 2 | € 369,516 | € - | € - | Tionscadal Buiséid | € 1,978,842 | € - | |
| A01 - Tithe Folmha, Athligean & Athchóiriú Mórstoic | Aguisín 2 | € 623,207 | € - | € - | Tionscadal Buiséid | € 1,433,780 | € - | |
| A03 Riarachán ar Chíos Tithíochta agus Ceannach ag Tionóntaí | Aguisín 2 | € 809,807 | € - | € - | Buiséad | € 809,807 | € - | |
| A04 Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta | Aguisín 2 | € 684,857 | € - | € - | Buiséad | € 684,857 | € - | |
| A05 Riarachán Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean | Aguisín 2 | € 6,694,052 | € - | € - | Buiséad | € 6,694,052 | € - | |
| A05 - Costais Éigeandála Príobháideacha Chathair na Gaillimhe | Aguisín 2 | € 2,498,970 | € - | € - | Tionscadal Buiséid | € 6,359,282 | € - | |
| A06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | Aguisín 2 | € 1,209,077 | € - | € - | Buiséad | € 1,209,077 | € - | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A06- CALF Saoráid Leasaithe Réamhchaipitil | Aguisín 2 | € 5,045,725 | € - | € - | Tionscadal Buiséid | € 8,717,041 | € - | |
| A07 RAS agus Clár Léasaithe | Aguisín 2 | € 4,571,703 | € - | € - | Buiséad | € 4,571,703 | € - | |
| A08 Riarachán Iasachtaí Tithíochta | Aguisín 2 | € 1,945,776 | € - | € - | Buiséad | € 1,945,776 | € - | |
| B01 Príomhbhóthar Náisiúnta - Cothabháil & Feabhsúchán | Aguisín 2 | € 1,023,582 | € - | € - | Buiséad | € 1,023,582 | € - | |
| B03 Bóthar Réigiúnach - Cothabháil & Feabhsúchán | Aguisín 2 | € 4,508,397 | € - | € - | Buiséad | € 4,508,397 | € - | |
| B04 Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsúchán | Aguisín 2 | € 3,613,159 | € - | € - | Buiséad | € 3,613,159 | € - | |
| B05 Soilsiú Poiblí | Aguisín 2 | € 2,083,744 | € - | € - | Buiséad | € 2,083,744 | € - | |
| B06 Feabhsú Bainistíochta Tráchta | Aguisín 2 | € 1,455,454 | € - | € - | Buiséad | € 1,455,454 | € - | |
| B09 Páirceáil | Aguisín 2 | € 1,977,359 | € - | € - | Buiséad | € 1,977,359 | € - | |
| C01 Soláthar Uisce | Aguisín 2 | € 2,136,410 | € - | € - | Buiséad | € 2,136,410 | € - | |
| C02 Cóireáil Fuíolluisce | Aguisín 2 | € 900,283 | € - | € - | Buiséad | € 900,283 | € - | |
| D01 Pleanáil Don Todhchaí | Aguisín 2 | € 1,263,567 | € - | € - | Buiséad | € 1,263,567 | € - | |
| D02 Bainistíocht Forbartha | Aguisín 2 | € 1,725,317 | € - | € - | Buiséad | € 1,725,317 | € - | |
| D03 Forfheidhmiú | Aguisín 2 | € 673,548 | € - | € - | Buiséad | € 673,548 | € - | |
| D05 Forbairt agus Cur Chun Cinn Turasóireachta | Aguisín 2 | € 919,804 | € - | € - | Buiséad | € 919,804 | € - | |
| D06 Feidhm Phobail agus Fiontair | Aguisín 2 | € 1,752,486 | € - | € - | Buiséad | € 1,752,486 | € - | |
| D09 Forbairt agus Cur Chun Cinn Geilleagrach | Aguisín 2 | € 1,395,216 | € - | € - | Buiséad | € 1,395,216 | € - | |
| E05 Bainistíocht Bruscair | Aguisín 2 | € 754,176 | € - | € - | Buiséad | € 754,176 | € - | |
| E06 Glanadh Sráide | Aguisín 2 | € 2,559,599 | € - | € - | Buiséad | € 2,559,599 | € - | |
| E07 Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht agus Forfheidhmiú | Aguisín 2 | € 590,936 | € - | € - | Buiséad | € 590,936 | € - | |
| E09 Cothabháil Reiligí | Aguisín 2 | € 923,582 | € - | € - | Buiséad | € 923,582 | € - | |
| E11 Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin | Aguisín 2 | € 5,857,745 | € - | € - | Buiséad | € 5,857,745 | € - | |
| E15 Athrú Aeráide agus Tuilte | Aguisín 2 | € 996,440 | € - | € - | Buiséad | € 996,440 | € - | |
| F01 Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta | Aguisín 2 | € 1,838,017 | € - | € - | Buiséad | € 1,838,017 | € - | |
| F02 Feidhmiú na Seirbhíse Leabharlainne & Cartlainne | Aguisín 2 | € 1,427,750 | € - | € - | Buiséad | € 1,427,750 | € - | |
| F03 Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Allamuigh | Aguisín 2 | € 5,323,146 | € - | € - | Buiséad | € 5,323,146 | € - | |
| F04 Spórt & Caitheamh Aimsire Pobail a Fhorbairt | Aguisín 2 | € 2,733,964 | € - | € - | Buiséad | € 2,733,964 | € - | |
| F05 Oibriú Chlár na nEalaíon | Aguisín 2 | € 5,784,780 | € - | € - | Buiséad | € 5,784,780 | € - | |
| H03 Rátaí a Riaradh | Aguisín 2 | € 2,217,715 | € - | € - | Buiséad | € 2,217,715 | € - | |
| H03 - Faoiseamh Rátaí Tarscaoileadh Covid-19 | Aguisín 2 | € 17,323,802 | € - | € - | Tionscadal Buiséid | € 38,468,487 | € - | |
| H09 Ionadaíocht Áitiúil & Ceannaireacht Chathartha | Aguisín 2 | € 1,128,445 | € - | € - | Buiséad | € 1,128,445 | € - | |
| H11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe | Aguisín 2 | € 1,508,408 | € - | € - | Buiséad | € 1,508,408 | € - | |
| | | **€ 108,217,801** | **€ 28,026,271** | **€ 6,328,401** | | **€ 224,031,072** | **€ 166,700,000** | |

| Tionscadail/Cláir a Críochnaíodh nó ar cuireadh deireadh leo sa bhliain tagartha - Níos mó ná €0.5m (Caipiteal agus Reatha) | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm an Tionscadail / na Scéime / an Chláir** | **Cur Síos Gairid** | **Méid an Chaiteachais Reatha sa Bhliain Tagartha** | **Méid Caiteachais Chaipitil sa Bhliain Tagartha (Neamhdheontas)** | **Méid Caiteachais Chaipitil sa Bhliain Tagartha (Deontas)** | **Dáta Críochnaithe an Tionscadail / an Chláir** | **Caiteachas an Toraidh Deiridh** | **Nótaí Míniúcháin** |
| CALF SAORÁID RÉAMHLEASAITHE | Cóiríocht AHB | € - | € 5,045,068 | € - | Deireadh 2021 | € 5,045,068 | |
| CAP - DEONTAIS: DPG, HAG, CÚNAIMH SHOGHLUAISTEACHTA | Deontais Hsg | € - | € 2,311,255 | € - | Deireadh 2021 | € 2,311,255 | Cúnamh Deontais |
| HSG - - CÓIRÍOCHT ÉIGEANDÁLA MHODÚLACH | Ionaid Dídine do Dhaoine gan Dídean | € - | € 30,070 | € - | Deireadh 2021 | € 2,301,709 | |
| SHIP - BÓTHAR BHAILE AN MHÓINÍN - CÉIM 2 | Tógáil Tithíocht Shóisialta | € - | € 4,249,527 | € - | Deireadh 2021 | € 19,643,013 | Moilleanna Covid-19 |
| ÉADÁIL TALÚN LÁNA MHUIRLINNE - 3 LÁITHREÁN | Ceannach Talún | € - | € - | € 589,577 | Deireadh 2021 | € 650,000 | Maoiniú Iasachta HFA |
| ÉADÁIL TALÚN BÓTHAR AN CHLAÍ BHÁIN | Ceannach Talún | € - | € - | € 2,310,871 | Deireadh 2021 | € 2,565,871 | Maoiniú Iasachta HFA |
| ÉADÁIL TALÚN AN CHAISLEÁIN GHEARR | Ceannach Talún | € - | € - | € 2,266,509 | Deireadh 2021 | € 2,517,617 | Maoiniú Iasachta HFA |
| A05 - Costais a bhaineann le Covid-19 do Dhaoine gan Dídean | Aguisín 2 | € 333,408 | € - | € - | Deireadh 2021 | € 1,479,976 | Tionscadal Buiséid |
| D09 - Scéim Chúnaimh do Ghnóthais Bheaga | Aguisín 2 | € 640,666 | € - | € - | Deireadh 2021 | € 640,666 | Tionscadal Buiséid |
| | | **€ 974,074** | **€ 11,635,920** | **€ 5,166,957** | | **€ 37,155,175** | |

**Achoimre Fhoilsithe ar Sholáthairtí**

Mar chuid den phróiseas um Dhearbhú Cáilíochta sa Chód Caiteachais Phoiblí, ceanglaítear ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faisnéis achomair a fhoilsiú ar gach soláthar os cionn €10 milliún.

Tá sé deimhnithe **nár ghabh** an Chomhairle Cathrach aon soláthar amháin ar fiú os cionn €10 milliún é le linn 2021.

## Cuid C – Measúnú ar Chomhlíonadh

### Comhlánú an Seicliosta: Cur Chuige a Glacadh agus Torthaí

Is éard atá i gceist leis an tríú céim sa phróiseas um Dhearbhú Cáilíochta ná sraith seicliostaí a chomhlánú a chlúdaíonn gach caiteachas liostaithe. Tá na seiceálacha ardleibhéil i gCéim 3 den phróiseas QA bunaithe ar fhéinmheasúnú na Stiúrthóireachtaí éagsúla i gComhairle Cathrach na Gaillimhe, maidir le treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Caiteachais Phoiblí. Tá seacht seicliosta san iomlán:

**Seicliosta 1:** Oibleagáidí Ginearálta,
(nach mbaineann go sonrach le tionscadail / cláir aonair)
**Seicliosta 2:** Tionscadail Chaipitil atá á meas
**Seicliosta 3:** Caiteachas Reatha atá á mheas
**Seicliosta 4:** Caiteachas caipitiúil atá á thabhú
**Seicliosta 5:** Caiteachas reatha atá á thabhú
**Seicliosta 6:** Caiteachas caipitil a cuireadh i gcrích
**Seicliosta 7:** Caiteachas reatha a cuireadh i gcrích

Tá sraith iomlán de sheicliostaí 1 – 7 curtha i gcrích ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Liostaítear sna leathanaigh seo a leanas na torthaí seicliosta críochnaithe. Anuas ar an scóráil féinmheasúnaithe, gabhann nótaí mínitheacha le formhór na bhfreagraí. Is de réir scála 4 phointe a mheastar gach ceist atá ar an liosta seiceála:

| | |
|---|---|
| **1** | Scóip d'fheabhsuithe suntasacha = scór 1 |
| **2** | Comhlíontach ach le feabhas éigin riachtanach = scór 2 |
| **3** | Comhlíontach go ginearálta = scór 3 |
| **N/B** | Neamhbhainteach |

**Seicliosta 1– COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE**

**Le comhlánú maidir le <u>hoibleagáidí ginearálta</u> nach mbaineann go sonrach le tionscadail / cláir aonair**

| **Oibleagáidí Ginearálta nach mbaineann go sonrach le tionscadail / cláir aonair** | **Rátáil Comhlíonta Féinmheasúnaithe: 1 - 3** | **Trácht / Gníomh a Theastaíonn** |
|---|---|---|
| C1.1 An gcinntíonn an eagraíocht, ar bhonn leanúnach, go bhfuil daoine cuí laistigh den eagraíocht agus dá cuid gníomhaireachtaí ar an eolas faoina riachtanais faoin gCód Caiteachais Phoiblí (tríd oiliúint san áireamh)? | 2 | Cuireadh baill foirne ábhartha ar an eolas maidir lena n-oibleagáidí faoin PSC. Cuireadh tús leis an oiliúint in 2021. |
| C1.2 Ar cuireadh oiliúint maidir leis an gCód Caiteachais Phoiblí ar fáil don fhoireann ábhartha? | 2 | Cuireadh tús le hoiliúint PSC le linn 2021. |
| C1.3 An bhfuil an Cód Caiteachais Phoiblí curtha in oiriúint don chineál tionscadail / cláir a bhfuil d'eagraíocht freagrach as? i.e., an ndearnadh treoirlínte oiriúnaithe earnála a fhorbairt? | 3 | Rinne. Tá treoirdhoiciméad curtha in oiriúint don earnáil Údarás Áitiúil agus tá sé ar fáil ar an inlíon. |
| C1.4 An bhfuil an eagraíocht sásta ina ról mar Údarás Formheasa go gcomhlíonann na gníomhaireachtaí a mhaoiníonn sí an Cód Caiteachais Phoiblí? | 2 | Comhaontuithe i bhfeidhm le gníomhaireachtaí ábhartha. |
| C1.5 An bhfuil moltaí ó thuarascálacha roimhe seo um Dhearbhú Cáilíochta (lena n-áirítear spotseiceálacha) scaipthe, nuair is cuí, laistigh den eagraíocht agus chuig gníomhaireachtaí? | 3 | Déantar na Moltaí go léir a dháileadh ar an bhFoireann Ardbhainistíochta (an FA) agus ar an gCoiste Iniúchta. |
| C1.6 Ar gníomhaíodh ar mholtaí ó thuarascálacha roimhe seo um Dhearbhú Cáilíochta? | 3 | Tuarascálacha FA ar dhul chun cinn ar gach moladh iniúchta. |
| C1.7 An bhfuil tuairisc bhliantúil ar an gCód Caiteachais Phoiblí curtha faoi bhráid an agus deimhnithe ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin curtha faoi bhráid NOAC agus foilsithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis Áitiúil? | 3 | Tá Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta PSC sínithe ag CE, eisithe chuig NOAC; agus foilsithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach. |
| C1.8 An ndearnadh grinnseiceáil ar an sampla riachtanach tionscadal / clár, i gcomhréir le céim 4 den Phróiseas um Dhearbhú Cáilíochta (QAP)? | 2 | Tá athbhreithniú déanta ar shamplaí de chaiteachas Ioncaim agus Caipitil araon. |
| C1.9 An bhfuil próiseas i bhfeidhm chun pleanáil a dhéanamh do mheastóireachtaí ex post?<br><br>Déantar meastóireacht ex-post tar éis tréimhse áirithe a bheith caite ó críochnaíodh an spriocthionscadal le béim ar éifeachtacht agus inbhuanaitheacht an tionscadail. | 3 | Áirítear sna rialacha Ceannaigh agus Soláthair ar ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe leo an ceanglas éigeantach. |
| C1.10 **Cé mhéad** measúnú foirmiúil ar cuireadh i gcrích sa bhliain faoi athbhreithniú?<br>Ar foilsíodh iad go tráthúil? | **0** | Níor seachadadh aon Athbhreithniú Iarthionscadail le linn 2021. |

| | | |
|---|---|---|
| C1.11 An bhfuil próiseas ann chun leanúint suas ar mholtaí na meastóireachtaí roimhe seo? | 3 | Tuarascálacha FA ar dhul chun cinn ar gach moladh. |
| C1.12 Cén chaoi ar chuir moltaí na n-athbhreithnithe agus na meastóireachtaí ex post eolas ar fáil do chinntí um leithdháileadh acmhainní? | 2 | Bunaítear cinntí go páirteach ar thuarascálacha dul chun cinn an FA ar gach moladh iniúchta. |

**Seicliosta 2–**

**Le comhlánú maidir le Tionscadail / cláir chaipitil & scéimeanna deontas caipitil a bhí faoi bhreithniú le bliain anuas**

| Caiteachas Caipitil atá á Mheas – Breithmheas agus Faomhadh | Rátáil Comhlíonta Féinmheasúnaithe: 1 - 3 | Trácht / Gníomh a Theastaíonn |
|---|---|---|
| C2.1 Ar críochnaíodh Tuarascáil Mheasúnaithe Straitéiseach (TMS) do gach tionscadal agus clár caipitil ar a raibh luach breis agus €10m? | 3 | Rinne Baill Thofa na cásanna Gnó go léir a chur i láthair agus a cheadú. |
| C2.2 Ar sonraíodh na táscairí feidhmíochta do gach tionscadal / clár trína bhféadfar meastóireacht dhaingean a dhéanamh ag dáta níos déanaí? Ar cuireadh bearta i bhfeidhm chun sonraí faoi tháscaire feidhmíochta a bhailiú? | 2 | Cuimsítear spriocanna agus méadracht ar leith isteach i gcásanna Gnó do gach Tionscadal. |
| C2.3 Ar críochnaíodh Réamhchás agus Cás Gnó Deiridh, breithmheas cuí airgeadais agus geilleagrach san áireamh, do gach tionscadal agus clár caipitil? | 3 | Cuireadh na cásanna Gnó faofa go léir faoi bhráid na Roinne Cistithe. |
| C2.4 Ar chuspóirí CLISTE na cuspóirí a beartaíodh agus ar tháinig siad le beartas Rialtais, an Creat Náisiúnta Pleanála, Plean Maolaithe Aeráide, etc. san áireamh? | 2 | Cuireadh pleananna le chéile, arna n-iarradh sin ag na Ranna Cistithe. |
| C2.5 Ar úsáideadh modh measúnaithe cuí agus paraiméadair chuí maidir le tionscadail chaipitil nó cláir chaipitiúla/scéimeanna deontais? | 3 | Cuireadh pleananna le chéile, arna n-iarradh sin ag na Ranna Cistithe. |
| C2.6 Ar tugadh faoi bhreithmheas airgeadais ar gach togra agus an ndearnadh breithniú cuí ar inacmhainneacht? | 2 | Cuireadh pleananna le chéile, arna n-iarradh sin ag na Ranna Cistithe. |
| C2.7 Ar cuireadh tús leis an bpróiseas breithmheasa ag céim sách luath ionas go mbeifí ábalta eolas a chur ar fáil don chinnteoireacht? | 3 | Fuarthas Faomhadh i bPrionsabal do gach Tionscadal |
| C2.8 An ndearnadh anailís ar roghanna leordhóthanacha sa chás gnó do gach togra caipitil? | 3 | Cuireadh pleananna le chéile, arna n-iarradh sin ag na Ranna Cistithe. |

| | | |
|---|---|---|
| C2.9 Ar leagadh amach an bonn fianaise don chostas measta i ngach cás gnó?<br>Ar úsáideadh modheolaíocht chuí chun an costas a mheas?<br>Ar cuireadh teagmhais bhuiséid chuí i bhfeidhm? | 3 | Cuireadh pleananna le chéile, arna n-iarradh sin ag na Ranna Cistithe. |
| C2.10 Ar breithníodh riosca agus ar cuireadh tús le straitéis maolaithe riosca?<br>Ar tugadh aird chuí ar rialachas agus inseachadacht? | 2 | Cuireadh pleananna le chéile, arna n-iarradh sin ag na Ranna Cistithe. |
| C2.11 Ar cuireadh an Tuarascáil Mheasúnaithe Straitéiseach, an Réamhchás Gnó agus an Cás Gnó Deiridh faoi bhráid an RCPA go ndéanfar athbhreithniú teicniúil orthu i gcás tionscadal a mheastar a chosnóidh breis agus €100m? | N/B | |
| C2.12 Ar ullmhaíodh coimre mhionsonraithe thionscadail, coimre dhearaidh agus straitéis soláthair san áireamh, do na tionscadail infheistíochta go léir? | 3 | Cuireadh pleananna le chéile, arna n-iarradh sin ag na Ranna Cistithe. |
| C2.13 Ar comhlíonadh na rialacha soláthair (rialacha Náisiúnta agus AE)? | 3 | Comhlíonann soláthar Dlíthe & Rialacháin. |
| Ar cuireadh an Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla (CBOC) chun feidhme i gceart? | 3 | Cuireadh pleananna le chéile, arna n-iarradh sin ag na Ranna Cistithe. |
| C2.15 Ar seiceáladh rialacha Cúnaimh Stáit maidir le gach tacaíocht? | 3 | Cuireadh pleananna le chéile, arna n-iarradh sin ag na Ranna Cistithe. |
| C2.16 Ar iarradh cead ón Údarás Formheasa ag gach tráth a bhí cinneadh le déanamh? | 3 | Fuarthas Faomhadh ag gach céim do gach Tionscadal |
| C2.17 An ndearna an Ghníomhaireacht Urraíochta agus an tÚdarás Formheasa measúnú agus dearbhú ar Luach ar Airgead ag gach tráth a bhí cinneadh le déanamh? | 3 | Fuarthas Faomhadh ag gach céim do gach Tionscadal |
| C2.18 Ar iarradh faomhadh ón Rialtas trí Mheabhrán don Rialtas agag gach tráth cuí a bhí cinneadh le déanamh do thionscadail a meastar go gcosnódh siad os cionn €100m? | N/B | |

**Seicliosta 3–**

**Le comhlanú maidir le nua Caiteachas reatha a bhí á mheas le bliain anuas**

| Caiteachas Reatha atá á Mheas – Breithmheas agus Faomhadh | Rátáil Comhlíonta Féinmheasúnaithe: 1 - 3 | Trácht / Gníomh a Theastaíonn |
|---|---|---|
| C3.1 Ar leagadh amach cuspóirí go soiléir? | 3 | Ciorcláin na Roinne ar Thacaíochtaí Airgeadais. |
| C3.2 An bhféadtar cuspóirí a thomhas i dtéarmaí cainníochtúla? | 3 | Ciorcláin na Roinne ar Thacaíochtaí Airgeadais. |
| C3.3 Ar ullmhaíodh cás gnó, lenar ionchorpraíodh measúnú airgeadais agus eacnamaíoch, do thograí nua caiteachais reatha? | 3 | Ciorcláin na Roinne ar Thacaíochtaí Airgeadais. |
| C3.4 Ar úsáideadh modh breithmheasa cuí? | 3 | Ciorcláin na Roinne ar Thacaíochtaí Airgeadais. |
| C3.5 Ar tugadh measúnú eacnamaíoch chun críche do gach tionscadal / clár os cionn €20m nó caiteachas bliantúil de€5m thar 4 bliana? | 3 | Ciorcláin na Roinne ar Thacaíochtaí Airgeadais. |
| C3.6 Ar áiríodh leis an gcás gnó mír maidir le triail phíolótach? | N/B | |
| C3.7 Ar tugadh faoi chláir phíolótacha le haghaidh tograí caithimh reatha nua ina raibh caiteachas iomlán ar a laghad €20m thar fhad beartaithe an chláir agus ina raibh caiteachas íosta bliantúil €5m? | N/B | |
| C3.8 Ar baineadh comhaontú amach ag tús na scéime ar an modheolaíocht agus ar na ceanglais um bailiú sonraí don chlár phíolótach? | N/B | |
| C3.9 An ndearnadh measúnú foirmiúil ar an gclár píolótach agus ar cuireadh faoi bhráid na Rannóige Vótaí ábhartha san DPER é lena cheadú? | N/B | |
| C3.10 Ar rinneadh measúnú ar an éileamh dóchúil ar an scéim / síneadh scéime nua bunaithe ar fhianaise eimpíreach? | 3 | Ciorcláin na Roinne ar Thacaíochtaí Airgeadais. |
| C3.11 Ar deonaíodh an ceadú riachtanach? | 3 | Ciorcláin na Roinne ar Thacaíochtaí Airgeadais. |
| C3.12 Ar leagadh clásal éagtha amach? | N/B | |
| C3.13 Má bhí seachfhoinsiú i gceist, ar comhlíonadh rialacha soláthair Náisiúnta agus AE? | N/B | |
| C3.14 Ar sonraíodh táscairí feidhmíochta do gach togra caiteachais reatha nua nó d'fhorleathnú an chláir chaiteachais reatha a cheadóidh measúnú daingean a dhéanamh air ag dáta níos déanaí? | N/B | |
| Q3.15 Ar cuireadh bearta i bhfeidhm chun sonraí faoi tháscaire feidhmíochta a bhailiú? | N/B | |

**Seicliosta 4–**
**Le comhlánú maidir le <u>tionscadail / cláir chaipitil & scéimeanna deontas caipitil</u> a thabhaigh caiteachas sa bhliain atá faoi athbhreithniú**

| Caiteachas Caipitil atá á thabhú | Rátáil Comhlíonta Féinmheasú naithe: 1 - 3 | Trácht / Gníomh a Theastaíonn |
|---|---|---|
| C4.1 Ar síníodh conradh agus an raibh sé ag teacht leis an bhFaomhadh a tugadh ag gach tráth a bhí Cinneadh le déanamh? | 3 | Arna chomhaontú leis an Roinn Cistithe. Fuarthas cead ón gComhairle |
| C4.2 Ar tháinig boird bhainistíochta / coistí stiúrtha le chéile go rialta de réir mar a comhaontaíodh? | 2 | Reáchtáladh Cruinnithe Rialta |
| C4.3 Ar ceapadh comhordaitheoirí clár chun an cur chun feidhme a chomhordú? | 3 | Ceapadh – Ceapadh Ball Foirne Sinsearach |
| C4.4 Ar ceapadh bainisteoirí tionscadail, atá freagrach as seachadadh, agus an raibh na bainisteoirí tionscadail ar leibhéal sinsearach oiriúnach do scála an tionscadail? | 3 | Ceapadh – Ceapadh Ball Foirne Sinsearach |
| C4.5 Ar ullmhaíodh tuarascálacha monatóireachta go rialta, ag taispeáint cur i bhfeidhm de réir an phlean, an bhuiséid, na scálaí ama agus na cáilíochta? | 2 | Ullmhaíodh – Ullmhaíodh Tuarascálacha ar Thionscadail go rialta |
| C4.6 Ar choinnigh tionscadail / cláir / scéimeanna deontais laistigh dá mbuiséad airgeadais agus dá sceideal ama? | 2 | Níor choinnigh – Covid-19 agus moilleanna eile |
| C4.7 Ar ghá buiséid a choigeartú? | 2 | Ba ghá – mar gheall ar Covid-19 agus moilleanna eile |
| C4.8 An ndearnadh cinntí go pras ar athruithe ar bhuiséid / sceidil ama? | 2 | Rinneadh idirbheartaíocht ar leasuithe |
| C4.9 An raibh dálaí riamh ann gurbh éigean inmharthanacht an tionscadail / an chláir / na scéime deontais agus an cháis ghnó a cheistiú (buiséad á shárú, easpa dul chun cinn, athruithe sa timpeallacht, fianaise nua, srl.) | 2 | Saincheisteanna talún agus céimeanna tionscadal ar cuireadh stad leo arna gceistiú ag an gComhairle |
| C4.10 Más rud é gur ghá inmharthanacht tionscadail / cláir / scéime deontais a cheistiú, an ndearnadh scrúdú imleor ar an tionscadal? | 2 | Cinneadh ar leibhéal an Fheidhmeannais agus na Comhairle |

| | | |
|---|---|---|
| C4.11 Más rud é gur tháinig méadú ar chostais nó athruithe suntasacha eile ar an tionscadal, an bhfuarthas faomhadh ón Údarás Formheasa? | 2 | Iarradh formheasanna réamhchaiteachais |
| C4.12 Ar cuireadh deireadh le tionscadal / clár / scéim deontais **ar bith** mar gheall nár cloíodh leis an bplean, an buiséad nó mar gheall gur athraigh cúinsí sa timpeallacht an gá a bhí leis an infheistíocht? | **0** | |

**Seicliosta 5–**
**Le comhlánú maidir le <u>Cláir Chaiteachais Reatha</u> a thabhaigh caiteachas sa bhliain atá faoi athbhreithniú**

| Caiteachas Reatha atá á thabhú | Rátáil Comhlíonta Féinmheasúnaithe: 1 -3 | Trácht / Gníomh a Theastaíonn |
|---|---|---|
| C5.1 An bhfuil cuspóirí soiléire ann do gach réimse den chaiteachas reatha? | 2 | Tá cuspóirí sonraithe ag beagnach gach ceann de na Leibhéil Seirbhíse |
| C5.2 An bhfuil na haschuir dea-shainmhínithe? | 2 | Socraítear Príomhtháscairí Feidhmíochta agus spriocanna oibiachtúla |
| C5.3 An ndéantar aschuir a chainníochtú ar bhonn rialta? | 2 | Tuarascálacha ráithiúla chuig SPCanna agus chuig an gComhairle |
| C5.4 An bhfuil modh ann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht ar bhonn leanúnach? | 2 | Tuairisciú Airgeadais míosúil agus ráithiúil |
| C5.2 An bhfuil na torthaí dea-shainmhínithe? | 2 | Monatóireacht ráithiúil ar dhul chun cinn leanúnach |
| C5.3 An ndéantar torthaí a chainníochtú ar bhonn rialta? | 2 | Tuairisciú cuspóirí míosúla agus ráithiúla |
| C5.7 An gcuirtear costais aonaid le chéile chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht? | 2 | Fianaise theoranta ar úsáid Costálacha Aonaid mar chuid den mhonatóireacht feidhmíochta |
| C5.8 An gcuirtear sonraí eile le chéile chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht? | 2 | Tuairisciú cuspóirí míosúla agus ráithiúla |

| | | |
|---|---|---|
| C5.9 An bhfuil modh ann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht ar bhonn leanúnach? | 2 | Tuairisciú cuspóirí míosúla agus ráithiúla |
| C5.10 Ar thug an eagraíocht faoi aon 'phromhadh meastóireachta' eile ar chláir / thionscadail? | 2 | Fianaise ar úsáid sonraí neamhairgeadais a bailíodh mar chuid den mhonatóireacht feidhmíochta |

**Seicliosta 6–**
**Le comhlánú maidir le <u>tionscadail / cláir chaipitil & scéimeanna deontas caipitil</u> ar cuireadh deireadh leo sa bhliain atá faoi athbhreithniú**

| Caiteachas Caipitil a Críochnaíodh le Déanaí | Rátáil Comhlíonta Féinmheasúnaithe: 1 - 3 | Trácht / Gníomh a Theastaíonn |
|---|---|---|
| C1.10 **Cé mhéad** Tuarascáil um Chur i gCrích Tionscsadal a críochnaíodh i gcaitheamh na bliana faoi athbhreithniú? | **0** | Níor críochnaíodh aon Tuarascáil um Chur i gCrích Tionscsadal in 2021 |
| C6.2 An ndearnadh ceachtanna a foghlaimíodh as na Tuarascálacha um Chur i gCrích Tionscadail a chuimsiú i dtreoir earnála agus a scaipeadh ar an nGníomhaireacht Urraíochta agus ar an Údarás Formheasa? | N/B | |
| C1.10 **Cé mhéad** Tuarascáil um Chur i gCrích Tionscsadal a foilsíodh i gcaitheamh na bliana faoi athbhreithniú? | **0** | Níor críochnaíodh aon Tuarascáil um Chur i gCrích Tionscsadal in 2021 |
| C1.10 **Cé mhéad** Measúnú Ex-Post ar cuireadh i gcrích sa bhliain faoi athbhreithniú? | **0** | N/B |
| C1.10 **Cé mhéad** Measúnú Ex-Post ar foilsíodh sa bhliain faoi athbhreithniú? | **0** | N/B |
| C6.2 An ndearnadh ceachtanna a foghlaimíodh as na Tuarascálacha um Measúnú Ex-Post a chuimsiú i dtreoir earnála agus a scaipeadh ar an nGníomhaireacht Urraíochta agus ar an Údarás Formheasa? | N/B | |

| | | |
|---|---|---|
| C6.7 Ar thug acmhainní foirne faoi Thuarascálacha ar Chur i gCrích Tionscadail agus Measúnuithe Ex-Post atá neamhspleách ó chur chun feidhme an tionscadail? | N/B | |
| C6.8 Ar seoladh Tuarascálacha ar Chur i gCrích Tionscadail agus Measúnuithe Ex-Post do thionscadail os cionn €50m chuig DPER lena scaipeadh? | N/B | |

**Seicliosta 7–**
**Le comhlánú maidir le cláir Chaiteachais reatha a a bhain deireadh a n-amfhráma pleanáilte amach i rith na bliana nó ar scoireadh díobh**

| Caiteachas Reatha a (i) a a bhain deireadh a n-amfhráma pleanáilte amach nó (ii) scoireadh díobh | Rátáil Comhlíonta Féinmheasúnaithe: 1 - 3 | Trácht / Gníomh a Theastaíonn |
|---|---|---|
| C7.1 An ndearnadh athbhreithnithe ar chláir chaiteachais reatha a tháinig in aibíocht i rith na bliana nó ar scoireadh díobh? | 1 | Ní dhearnadh aon athbhreithniú ar na Tionscadail a críochnaíodh le linn 2021 |
| C7.2 Ar tháinig na hathbhreithnithe sin ar chonclúidí maidir le cibé an raibh na cláir éifeachtach? | N/B | |
| C7.3 Ar tháinig na hathbhreithnithe sin ar chonclúidí maidir le cibé an raibh na cláir éifeachtach? | N/B | |
| C7.4 Ar cuireadh na tátail ar thángthas orthu san áireamh i réimsí gaolmhara caiteachais? | N/B | |
| C7.5 Ar scoireadh aon chlár tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chlár caiteachais reatha? | N/B | |
| C7.6 Ar thug acmhainní foirne atá neamhspleách ó chur chun feidhme an tionscadail faoi athbhreithnithe? | N/B | |
| C7.7 An ndearnadh athruithe ar chleachtais na heagraíochta i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ó athbhreithnithe? | N/B | |

Nótaí:
- Seo a leanas an mheicníocht scórála do na seicliostaí thuas:
  - Scóip d'fheabhsuithe suntasacha = scór de **1**
  - Comhlíontach ach le feabhas éigin riachtanach = scór de **2**
  - Comhlíontach go ginearálta = scór de **3**

- I gcás roinnt ceisteanna, ní bhíonn an mheicníocht scórála fíor-ábhartha i gcónaí. Sna cásanna seo, is cuí na ceisteanna a mharcáil le **N/B** agus an fhaisnéis a theastaíonn a sholáthar sa bhosca tráchta faoi mar is cuí.

- Ba cheart díriú ar fhaisnéis thuairisciúil agus chomhthéacsúil a sholáthar chun na rátálacha comhlíonta a chumadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a ardaíodh do gach ceist. Is tábhachtach, chomh maith, sonraí achomair a sholáthar faoi phríomh-aschur anailíseach a théann i ngleic le comhlíonadh riachtanais

  bhreithmheasa / mheastóireachta, i.e. an líon bliantúil breithmheasa (m.sh. Anailís Costais is Tairbhe nó Anailís Ilchritéar), meastóireachtaí (m.sh. Athbhreithnithe Iar-Thionscadail). Ba cheart príomh-aschur anailíseach faoinar tugadh ach atá lasmuigh den sampla a bhreacadh sa tuarascáil.

## Príomh-Shaincheisteanna a Eascraíonn as Measúnú Seicliosta

*Léiríonn na seicliostaí comhlánaithe a mhéid a chreideann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go gcomhlíonann siad an Cód Caiteachais Phoiblí. Ar an iomlán, léiríonn na seicliostaí leibhéal maith comhlíonta leis an gCód.*

Is é seo an t-ochtú bliain ina bhfuil tuairisciú á dhéanamh ag an earnáil Rialtais Áitiúil ar an gCód Caiteachais Phoiblí. Is próiseas leanúnach atá sa phróiseas trína bhfuil prionsabail an chóid le leabú agus leanfar den

phróiseas agus déanfar monatóireacht air mar chuid de phróiseas an Dearbhaithe Cáilíochta sna blianta amach romhainn.

Maidir le <u>Seicliosta 2</u> – caiteachas caipitiúil á mheas, bhí ceithre phost caipitil ann a raibh feidhm ag na critéir dearbhaithe maidir leo. Tá na tionscadail seo ag na céimeanna tosaigh, agus táthar ag fanacht le maoiniú agus le faomhadh deiridh. D'fhéadfadh go n-athróidh an caighdeán comhlíonta amach anseo de réir mar a chuirtear tús le tionscadail chaipitil bhreise.

Maidir le <u>Seicliosta 3</u> – caiteachas reatha á bhreithniú, bhí clár ioncaim amháin le dearbhú do 2021. Is gnách go gcuirtear tús le tionscnaimh mhaoinithe nua ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach.

<u>Seicliosta 4</u> – bhain caiteachas caipitil a tabhaíodh le naoi dtionscadal leanúnacha déag in 2021. Féadfaidh athrú teacht ar na caighdeáin dhearbhaithe thar am ag brath ar chainníocht agus luach athraitheach na dtionscadal caipitil.

Maidir le Seicliosta 5 – caiteachas reatha arna thabhú le linn 2021, tá na torthaí bunaithe ar mheánchomhlíonadh na 40 clár ioncaim ar leibhéal na seirbhíse atá liostaithe.

Seicliosta 6 – tionscadail chaipitil a tugadh chun críche le linn 2021, léirítear sa seicliosta gur tháinig seacht gcinn de na tionscadail chun críche in 2021.

Maidir le Seicliosta 7 – cuireadh deireadh le dhá chlár caiteachais reatha le linn 2021. Bhain an dá cheann seo le scéimeanna tacaíochta gnó Covid-19.

**Cuid D – Grinnseiceálacha**

Tá na seiceálacha doimhne a rinne an tIniúchadh Inmheánach don tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí bunaithe ar iniúchtaí, grinnathbhreithnithe, agus agallaimh foirne.

Liostaíodh sa Chód Caiteachais Phoiblí an riachtanas chun grinnathbhreithnithe a chomhlánú ar 15% de chaiteachas Caipitil agus 3% de chaiteachas Ioncaim, a dhéantar a mheánú le trí bliana anuas. Léirigh na grinnseiceálacha a ndearnadh anailís orthu don PSC **5.4%** de thionscadail Chaipitil dearbhaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, agus **15.9%** de Leibhéil Seirbhíse na gCoimisinéirí Ioncaim, den fhardal 2021.

***Measúnuithe***

Áirítear leis an gClár Oibre Iniúchóireachta Inmheánaí bliantúil an ceanglas chun tabhairt faoi ghrinnseiceálacha ar thionscadail agus

cláir shamplacha, mar chuid den Tuarascáil PSC bhliantúil a chuirtear faoi bhráid an NOAC.

Is ionann na téamaí a bhíonn le sonrú arís agus arís eile i ngrinnathbhreithnithe, srl. na tairbhí leanúnacha lena mbaineann comhlíonadh rialála a chur i bhfeidhm go dian daingean, Rialachas Corparáideach a chur chun cinn, ár Straitéisí Bainistíochta Riosca a fheabhsú; agus ár Nósanna Imeachta Oibriúcháin a thaifeadadh.

Ó na hathbhreithnithe a rinne an tIniúchadh Inmheánach roimhe seo, sainaithníodh saincheist maidir le cinntiú go raibh Tuarascálacha Críochnaithe Tionscadal / Athbhreithnithe Iarthionscadail á gcur i gcrích, chun na ceachtanna a foghlaimíodh, idir dhearfach agus dhiúltach, a thaifeadadh mar mhodh chun dul i bhfeidhm ar chinnteoireacht amach anseo.

Cuireadh tús le linn 2021 leis an ngá atá le hOiliúint PSC, go háirithe maidir le ceapacháin foirne nua agus arduithe céime. Chomh maith leis sin, aithníodh go raibh gá aird a thabhairt ar athbhreithnithe chun comhlíonadh leanúnach GDPR agus Saoráil Faisnéise a dhearbhú.

**Cuid E – Aghaidh a thabhairt ar Cheisteanna Dearbhaithe Cáilíochta**

Leanann an Coiste Iniúchta ar aghaidh ag scrúdú iomláine na mBeartas agus na Nósanna Imeachta taifeadta laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Níor léirigh na grinnseiceálacha a rinneadh ar chláir / thionscadail shamplacha aon saincheist shubstaintiúil a chuirfeadh amhras faoi chomhlíonadh na Comhairle Cathrach leis an gCód. Aithnítear go mbeidh oiliúint agus aird leanúnach ag teastáil lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód Caiteachais Phoiblí go hiomlán.